

❖ An Lúibín ❖

19 Meán Fómhair 2009

Lárionad Uí Dhuilearga

Over a thousand historic recordings of folklore material on wax cylinders can be found at UCD.

Áit ar leith is ea Lárionad Uí Dhuilearga sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath: is ann atá tuairim is 1,300 fiteán céarach, taifeadtaí fuaimne d’amhráin, de cheol agus de scéalta na hÉireann i nGaeilge agus i mBéarla. Bailitheoirí de chuid Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935-1971) a rinne timpeall an tríú cuid de na fiteáin seo; baineann cuid eile leis na Feiseanna Ceoil i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, agus iad chomh sean leis an mbliain 1897. Bailiúchán é, mar sin, ar dheacair a leithéid a fháil in aon áit eile.

Is léir cén tábhacht atá leis an ábhar ó thaobh an bhéaloideasa de, agus an oiread sin rudaí ann nach mbeadh teacht anois orthu. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis na canúintí atá le cloisteáil ann. Ach ní mhairfidh an chéir go deo, agus dá bhrí sin tá clár dar teideal SOS ann lena digeatú. Tá seo déanta cheana ar thuairim is 250 ceann de na fiteáin le cúnamh €9,000 ón gComhairle Oidhreacht. Is féidir leis an gcomhlacht Francach *L'Archéophone* an fuilleach a dhigearú anois agus €40,000 faighte ag Roinn Béaloideas Éireann ó Mhuintir Thír Eoghain chuige.

Ní hé sin deireadh na hoibre. Is é atá le déanamh fós an t-ábhar a thras-scríobh agus a dhoiciméadú, agus ansin an t-ábhar a fhoilsiú le go mbeadh sé ar fáil ar dhlúthdhioscaí agus ar an Idirlíon.

Féach <http://www.ucd.ie/folklore/>.



Lámh Dhearg

An Irish scholar has made a unique study of a notable Irishman, Flaithrí Ó Maoil Chonaire, in the court of Phillip II of Spain.

Ultach nó tálta ba ea Flaithrí Ó Maoil Chonaire O.F.M: ba é Ardeaspag Thuama é, agus sa bhliain 1609, nuair a thosaigh plandáil Uladh, ghlac sé chuige an Lámh Dhearg mar armas i gcúirt Philib II na Spáinne. Tá léargas tugtha air anois, a bhuíochas sin ar an Dr Benjamin Hazard, scoláire a ghnóthaigh Duais Staire Bhuanachomhairle Thaoisigh Éireann 2009.¹ Comhalta iardhochtúireachta is ea an Dr hazard in Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh UCD.

Déanann Buanachomhairle Thaoisigh Éireann, Roinn Staire Choláiste na Tríonóide agus *History Ireland* an duais úd a bhronnadh de bharr buntaighde suntasach ar stair na nGael idir na blianta 1000 agus 1603. Is é is teideal don mhonagraf ‘At Ó Néill’s right hand:

¹ Bunaíodh an Bhuanachomhairle sa bhliain 1991, agus áirítear sliocht de thaoisigh na gCárthach, na nDomhnallach, na Niallach, mhuintir Chonchúir agus eile mar bhaill di.

Flaithrí Ó Maoil Chonaire and the Red Hand of Ulster, 1609-29,' agus pléann sé an Lámh Dhearg mar chomhartha Uladh.²

Baineann an taighde seo leis an tséalagrafaíocht, brainse léinn a dhéanann staidéar ar bhrí dhlíthiúil agus shóisialta na séalaí agus ar an gcaoi ar tháinig siad ann.

Ceapadh Ó Maoil Chonaire ina easpag 400 bliain ó shin agus is í an bhliain 2009 cothrom a bháis i Maidrid 380 bliain ó shin. Thug an Dr Hazard an chéad chuntas iomlán ar shaol eachtrúil Fhlaithrí Uí Mhaoil Chonaire, agus foilseoidh Irish Academy Press i mbliana é i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann.

Féach http://www.ucd.ie/news/2009/08AUG09/070809_history.html.



An namhaid istigh

Compulsory Irish continues to be the subject of pungent comment.

Iriseoir Éireannach Declan Lynch agus é orthu siúd nach bhfuil rófhabhrach do bheartas Gaeilge an stáit. Ní fada ó scríobh sé píosa a chuir fearg ar roinnt Gaeilgeoirí (agus fonn gáire, b'fhéidir, ar chuid eile).³ Ní maith leis na fírén an magadh, go háirithe nuair a bhíonn an fhírinne searbh. Tá roinnt aineolais ag baint leis an bpíosa céanna, ach is furasta a aithint cén bun atá le frustrachas an té a scríobh é.

D'fhógair an Loingseach gur cróga na dream iad na hÉireannaigh, agus iad ag cur i gcoinne na Gaeilge agus gach a mbaineann léi. Is deacair a chreidiúint gur sheas siad an fód chomh righin sin, a deir sé, agus an bhreis chomh mór sin ina n-aghaidh. Deirtear go bhfuil an tSínis ar na teangacha is deacra le foghlaim. Ach dá múiní Sínis duit ar feadh uair an chloig sa lá, cúig lá sa tseachtain, ar feadh tuairim is ceithre bliana déag, ní chreidfeadh duine ar bith nach raibh labhairt ná scríobh na teanga agat dá bharr, ná nach raibh fonn ort a admháil go raibh sí ann ar chor ar bith. Ach leis na glúine anuas tá ag éirí leis na táinte Éireannach é sin a dhéanamh maidir lena 'gcéad' teanga. Níor lagaigh a misneach riamh - a mhalairt ar fad, tá siad ag éirí níos diongbháilte. Conas a dhéanann siad é? Conas a leanann siad orthu ag tabhairt fuatha don Ghaeilge?

Nuair a chloisimid Fraincis, Iodáilis nó Spáinnis (a deir an Loingseach), cuimhnímid ar laethanta a bhfuil dath an fhíona orthu agus teas na gréine iontu. Nuair a chloistear geonaíl na Gaeilge, fiú mura bhfuil ann ach duine éigin ag léamh na Nuachta do dhream nach bhfuil ag éisteacht, cuimhnítear ar dhrochíde á tabhairt do pháistí.

Deir an Loingseach gurb í an teanga féin an namhaid istigh. Thaispeáin na hÉireannaigh go bhfuil siad in ann an Béarla a úsáid le héascaíocht agus fiú le hardéirim, rud a chuirfeadh ar ceal an argóint nach maith an sás teangacha a fhoghlaim iad. Tar éis an tsaoil, ba cheart dóibh an scoil a fhágáil agus ardmháistreacht acu ar labhairt agus ar léamh na Gaeilge (cé go bhfuil barúil ag mo dhuine nach mór atá le léamh inti).

² In eagrán 31/8/09 de *An Lúibín* tugadh 'Flaithrí Ó Conraoi' ar Fhlaithrí Ó Maoil Chonaire. Seo an baisteadh ceart.

³ 'No surrender ever to the enemy within,' Declan Lynch, *Sunday Independent*, 23/8/09.

Féach: <http://www.independent.ie/opinion/analysis/no-surrender-ever-to-the-enemy-within-1867218.html>.

Gangaid agus searbhas, a déarfá. Gan amhras: ach tá cúiseanna leis – curaclam gan bhrí, múinteoirí gan Ghaeilge, fimínteacht an Stáit. Tá leigheas ann ach tá an lia ar iarraidh. Agus ní in Éirinn amháin atá an teanga thíos leis an scéal: déanann sé dochar don Ghaeilge ar fud an domhain.

Iris Ghaeilge ar an Idirlíon

Fáilteofar roimh iarratais ó dhreamanna ar mhaith leo iris Ghaeilge a fhoilsiú ar an idirlíon i gcomhair na tréimhse Eanáir 2010 go Nollaig 2012 le deontas ó Fhoras na Gaeilge.

Ní mór cóip chrua shínithe d'iarratais chomhlánaithe a bheith faighte roimh 13.00 Dé hAoine, 9 Deireadh Fómhair 2009. Iarratais agus tuilleadh eolais: Iris Ghaeilge ar líne, An Rannóg Pobail agus Gnó, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost: iris@forasnagaeilge.ie.

An té a léann an sliocht thuas, b'fhéidir go mbeadh a fhios aige go bhfuil a leithéid ann cheana – an iris *nós**, atá á soláthar go deonach faoi láthair ag foireann dhícheallach. Tá leagan clóite ann agus tá eagráin leictreonacha le feiceáil ag www.nosmag.com.

Deir an foireann go mbeidh siad ag cur isteach ar chonradh nua Fhoras na Gaeilge le haghaidh irise ar líne agus go bhfuil cainteanna eile ar siúl acu chun infheistíocht a fháil.



Ag siúl na gcríoch

NUI Galway is creating a database of illustrated travel writings about Ireland from the 16th century on.

Tá bunachar mór de chuntais taistil ar Éirinn ón 16ú haois go dtí an 19ú haois, in éineacht lena gcuid léaráidí, á chruthú ag NUI Gaillimh. *Ireland Illustrated* atá ar an tionscadal agus beidh sé ar fáil ar líne do scoláirí agus don phobal araon.

Trí chuntais taistealaithe a gheofá eolas ar an gcoigríoch tráth den saol – leagan a d'fhéadfadh (mar a deirtear) a bheith níos glinne ná an saol mar a bhí sé i ndáiríre. Is díol spéise é an t-athrú a tháinig ar léiriú na hÉireann ón 16ú haois i leith – an tír á tabhairt chun míneadais, mar dhea.

Tá cáipéisí agus íomhánna á lorg i leabharlanna agus in iarsmalanna ar fud na tíre lena scanáil agus lena liostáil, agus tá an lucht taighde ag iarraidh ar dhaoine leabhair mhaisithe oiriúnacha a chur chucu más féidir. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal sa bhliain 2012.

Ní in Éirinn amháin atá a leithéid seo le fáil: tá tionscadal den saghas céanna ar siúl ag Ollscoil Pháras-Sorbonne i ngeall ar an bhFrainc.

Féach http://www.nuigalway.ie/news/main_press.php?p_id=1092.



An Ghaeilge sa deisceart

Notes from the Irish Language Association of Australia.

Cúpla focal ó nuachtlitir Chumann Gaeilge na hAstráile, Meán Fómhair 2009.

D'éirigh le Cairde Naomh Bríd (*Friends of Saint Brigid's* - FSOB) i gCrossley, Victoria, seilbh a fháil ar an séipéal agus ar an halla áitiúil tar éis don Eaglais an séipéal a thuathú. Tá a lán teaghlach Gael-Astrálach i gCrossley agus i dhá cheantar atá láimh leis, Koroit agus Cill Áirne. Tá an FSOB ag iarraidh greim a fháil ar na foirgnimh le trí bliana go leith. D'fhéadfaí feidhm a bhaint astu mar lárionad oidhreachta agus pobail agus go fiú mar limistéar Gaeltachta.

Táthar ag smaoinemh anois ar chomhdháil a chur ar siúl ann sa bhliain 2011, rud a thabharfadh le chéile eagraíochtaí Gaeilge na hAstráile go léir. Is iad na cuspóirí a bheidh ag an gcomhdháil (a) múineadh na Gaeilge a chur chun cinn sna ceantair thuasluaite, agus (b) an teanga a neartú sa tír go léir le mórchabhair an Lárionaid Chultúrtha Ghael-Astrálaigh.



Tá tuairisc ó lámh Chríostóir Uí Mhaonaigh (ar Corcaíoch ó dhúchas é) ar an Scoil Gheimhridh a bhí ar siúl i Sydney i Mí an Mheithimh 2009. Tá Consulacht na hÉireann, an Irish National Association agus an Gaeilgeoir nótálta sin Muiris Ó Suilleabháin ina príomhthacaíthe ag an scoil.

Bíonn an Scoil suite i seanchliarscoil ar bharr cnocáin i lár bhruachbhaile Kensington agus radhairc áille ina timpeall. Bhí na ranganna á stiúradh i mbliana ag Aoife Ní Churráin, múinteoir óg as Chonamara, agus ag Marc Ó Conaill ó Adelaide. Deir Críostóir gur dheas leis an cumas cainte a bhí ag daoine áirithe agus gan acu ach an cúpla focal a trí nó a ceathair de bhlianta ó shin.

Is léir dó go bhfuil muintir New South Wales ag treabhadh leo, agus go bhfuil an Scoil Gheimhridh díreach chomh seasta anois agus atá an Daonscoil (scoil shamhraidh) i Melbourne.



Tá Ruth Lysaght ina cónaí in Auckland na Nua-Shéalainne le beagnach dhá bhliain, ag déanamh taighde ar theilifís Mhaorach i gcomórtas le TG4 na hÉireann. Chuir sí cúrsa Gaeilge ar bun do dhaoine fásta, agus anois tá ceithre dhuine dhéag sna ranganna.

Ní Nua-Shéalainne amháin iad. Tá Astrálaigh le fáil ann, daoine ó Mhór-Roinn na hEorpa agus cúpla Éireannach atá ina gcónaí in Auckland le fada an lá. (Bhain a lán cainteoirí dúchais amach an Nua-Shéalainn sa 19ú haois, agus tá stair ag an teanga ann dá bharr.) Bíonn rang ar siúl gach seachtain i gcúpla teach tábhairne in Auckland, ceann in Fordes Front Bench agus ceann eile in Óstán Shráid Elliot. Deir Ruth gur grúpa deas bríomhar atá ann.



Tá an Cumann ag déanamh suirbhé ar a chuid ball, agus ar na ceistanna tá na cinn seo a leanas:

* Ar mhúin tú Gaeilge riamh nó ar mhaith leat é a dhéanamh?

* Conas is féidir linn múinteoirí nua a mhealladh chugainn?

* Cén saghas daoine ba chóir dúinn a lorg?

* Ar cheart dár gcuid múinteoirí a bheith cáilithe de réir caighdeán áirithe (agus cé acu caighdeán)?

* Cad iad na critéir a mbainfeá feidhm astu chun múinteoir a mheas?

Faoi láthair tá an chuid is mó de mhúineadh na teanga san Astráil ag brath ar cibé duine a thiocthadh an bealach. Tá múinteoirí maithe ann, gan amhras, agus tá daoine eile ann, ar ndóigh, ar fearr leo an féinteagasc. Is dócha gur mar sin a bheidh an scéal go ceann tamaill mhaith eile. Pobal beag atá i gceist, agus níl lucht múinte na Gaeilge líonmhar, más olc maith iad – scéal a phléifear arís sa chéad eagrán eile de *An Líubín*.



Tara Oceans

Plankton – a myriad of small sea organisms – govern the climate of the world. Now scientists are voyaging the oceans in a schooner to find out more about them.

Scúnar is ea an *Tara*, í sé mhéadar is tríocha ar fad agus na gairis is déanaí ar bord aici chun planctón an domhain a scrúdú: sin é le rá, chun taighde a dhéanamh ar rath agus ar mhírath an domhain. Is gearr ó sheol sí ó Lorient na Fraince chun cuairt an domhain a thabhairt ar feadh trí bliana, ag bailiú eolais. Siúlfaidh an scúnar tuairim is 150,000 ciliméadar san Aigéan Artach, san Aigéan Atlantach, sa Chiúin-Aigéan agus san Aigéan Indiach de réir na séasúr, an taighde agus na gaoithe, agus tabharfaidh sí cuairt ar thimpeall seasca caladh i gcaoga tír. Cosnóidh an obair timpeall €15 milliún, airgead a thiocthadh ó chiste speisialta.

Tá éiceolaithe, aigéaneolaithe, fisicithe agus bitheolaithe as gach cearn le fáil ar bord an scúnair. Scrúdóidh siad líonáin choiréil agus méid an truailliú mara, agus tabharfar cuairt ar áiteanna a bhfuil beatha na mara curtha as a riocht nó a bhfuil oiriúnú an-luath le feiceáil ann. Is fearr an tuiscint a beidh acu dá bharr ar oiriúnú an phlanctóin d’athrach tobann agus ar na rudaí is cúis le fairsingíú fásaigh mhuirí.

Chun tábhacht an phlanctóin a thuiscint ní mór a chuimhneamh gurb é an fíteaphlanctón a dhéanann 40% den ocsaigin a thagann amach as an bhfarrage, a bhuíochas sin ar an bhfótáintéis. Tagann an chuid eile ón iliomad baictéirí fótaisintéiseacha, leithéid na *prochlorococci*.

Súnn orgánaigh phlanctónacha isteach 50% de dhé-ocsaíd charbóin an domhain, agus ar an dóigh sin is cosúil le plandaí iad. Is mór an tionchar atá an aigéan ar an aeráid, agus an-tábhacht leis an bplanctón dá réir. Déanfaidh foireann *Tara* na céadta míle sampla de phlanctón a bhailiú agus a anailísiú, samplaí a bhféadfadh cuid acu a bheith 2,000 méadar faoin uisce. Déanfar íomhánna de na cealla de réir na modhanna is nua, agus bainfear tairbhe as an ngéineolaíocht, as an aigéaneolaíocht agus as an éiceolaíocht chun a dhéanamh amach cén rian a fhágann astúcháin CO₂ ar an bplanctón.

Tagann an focal ón bhfocal Gréigise *planktos* – ‘imeacht le sruth’. Meascán ainmhithe, plandaí, víoras agus baictéirí is ea an planctón, agus é ag imeacht le sruthanna na mara. Tá suim ag foireann *Tara* i gceithre chineál:

* An fíteaphlanctón: I gcoitinne, orgánaigh aoncheallacha a dhéanann ábhar beo de sholas na gréine tríd an bhfótáintéis, ar nós na bplandaí.

* An zúphlanctón: Ainmhithe ilcheallacha a chothaíonn iad féin le fíteaphlanctón.

* Na baictéirí: Orgánaigh aoncheallacha a dhíscáoileann an dramhaíl, na coirp mharbha agus fuíoll na n-orgánach eile.

* Na víorais: Orgánaigh dhiamhaire. Is í an cheist atá le réiteach ag na heolaithe cé acu is ceart iad a rangú mar rudaí beo nó mar mhianraí, ach fágann siad a rian ar gach orgánach ón mbaictéir is lú go dtí an t-iasc is mó.

Tá eolas ag na heolaithe cheana ar na céadta spéiceas a bhaineann le gach cineál acu siúd, ach meastar gur féidir na milliúin spéiceas eile a thabhairt chun solais le seicheamhú géiniteach.

Is cosúil an turas seo leis an *HMS Challenger Expedition (1872)*, eachtra a chuir tús leis an aigéaneolaíocht, leis an hidreagrafaíocht agus le staidéar na bitheolaíochta muirí. Bhí an-bhaint leis an obair ag Charles Wyville Thomson, iarOllamh le Luibheolaíocht i gColáiste Ríoga Eolaíochta na hÉireann (a dtugtar Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil in UCD air anois).⁴

Más mian leat an turas a leanúint, féach ar <http://oceans.taraexpeditions.org/>. Ach ní foláir duit Fraincis a bheith agat!

Féach freisin http://www.ucd.ie/news/2009/09SEP09_tara.html.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

⁴ Turas 68,890 míle slí a bhí i gceist, agus ba iad an bheirt a chuir tús leis Thomson agus William Benjamin Carter. Cruthaíodh go raibh rudaí beo le fáil ar ghrinneall na farraige doimhne, bailíodh na mílte samplaí (agus staidéar á dhéanamh fós orthu) agus aithníodh go raibh dríodar na farraige déanta de dheannach na gcóiméad agus na mionphlainéad. Féach <http://www.nhm.ac.uk/nature-online/science-of-natural-history/expeditions-collecting/hms-challenger-expedition/index.html>.